Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Meitheamh 2026 (OR. en)**

**10400/26**

**SOC 390**
**EMPL 209**
**EDUC 260**
**ECOFIN 802**
**COMPET 806**
**ENV 789**
**ENER 421**
**JAI 859**
**GENDER 113**
**JEUN 156**
**SAN 502**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Measúnú ar na moltaí tírshonracha le haghaidh 2026 agus cur chun feidhme na moltaí tírshonracha le haghaidh 2025: Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón Coiste um Chosaint Shóisialta<br>- *Formhuiniú* |

Gheobhaidh toscaireachtaí i gceangal leis seo an Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir leis an measúnú ar na moltaí tírshonracha le haghaidh 2026 agus cur chun feidhme na moltaí tírshonracha le haghaidh 2025, atá le formhuiniú ag an gComhairle (EPSCO) ag an seisiún a bheidh aici an 29 Meitheamh 2026.

Aguisíní a ghabhann leis an Nóta seo:

- Athbhreithnithe EMCO-SPC maidir le Cóineasú Sóisialta 2026 — conclúidí tírshonracha (ADD 1)
- Athbhreithnithe faireachais iltaobhaigh EMCO 2026 — conclúidí tírshonracha (ADD 2)
- Athbhreithnithe iltaobhacha cur chun feidhme 2026 ón gCoiste um Chosaint Shóisialta — conclúidí tírshonracha (ADD 3)

**IARSCRÍBHINN**

## Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le timthriall 2026 den Seimeastar Eorpach

### Brollach

**Is iad an Coiste Fostaíochta (EMCO) agus an Coiste um Chosaint Shóisialta (CCS) atá freagrach as an Seimeastar Eorpach a chur chun feidhme i réimsí na fostaíochta, na scileanna agus na mbeartas sóisialta.**[1] Dá réir sin, le linn thimthriall Sheimeastar Eorpach 2026, rinne na Coistí an méid seo a leanas:

- Roimh chruinniú EPSCO an 9 Márta, d'ullmhaigh sí an Moladh bliantúil maidir le Beartas Eacnamaíoch an Limistéir Euro agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, mar aon leis na Conclúidí ón gComhairle a ghabhann leo. D'ullmhaigh EMCO an chéad Mholadh riamh maidir le caipiteal daonna san Aontas freisin.[2]

- Roimh chruinniú EPSCO an 29 Meitheamh, d'ullmhaigh sí na moltaí tírshonracha nua[3] agus chuir sí a tuairimí in iúl maidir leis an nóta cothrománach a ghabhann leo don Chomhairle Eorpach.[4]

---

[1] Bunaithe ar fhorálacha Airteagail 148, 150 agus 160 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), Cinntí 2015/772 agus 2015/773 ón gComhairle lena mbunaítear na Coistí, agus Rialachán 2024/1263 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach.

[2] Ghlac an Coimisiún na doiciméid uile mar chuid de Phacáiste an Fhómhair an 25 Samhain 2025. Tar éis na caibidlíochta sna Coistí, d'fhormheas nó ghlac an Chomhairle iad an 9 Márta. Tá téacsanna críochnaitheacha an Mholta maidir le Bearta Eacnamaíoch an Limistéir Euro, an Mholta maidir le Caipiteal Daonna, na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht agus na gConclúidí ón gComhairle ar fáil ar líne.

[3] Arna ghlacadh ag an gCoimisiún mar chuid de Phacáiste an Earraigh an 3 Meitheamh agus, tar éis caibidlíocht sna Coistí, atá le formheas ag cruinniú EPSCO an 29 Meitheamh agus le glacadh ag an gComhairle an 10 Iúil.

[4] Tá an nóta cothrománach maidir le moltaí tírshonracha 2026, a ullmhaíodh faoi údarás Uachtaránacht na Cipire, ceaptha tús a chur leis an bplé polaitiúil ag an gComhairle Eorpach an 18 agus an 19 Meitheamh.

- Rannchuidigh sí le hullmhú na Moltaí ón gComhairle lena bhformhuinítear na Pleananna Struchtúracha Fioscacha Meántéarmacha (PSFManna).[5]

**Scrúdaigh EMCO agus CCS freisin an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit maidir le moltaí tírshonracha ábhartha 2025 a chur chun feidhme agus rinne siad faireachán ar staid an chóineasaithe shóisialta san Aontas bunaithe ar thorthaí an Chreata um Chóineasú Sóisialta.**[6] A mhéid a bhaineann leis an dara ceann díobh sin, comhtháthaíodh an anailís chéadchéime i dTuarascáil Chomhpháirteach 2026 ar Fhostaíocht, agus d'fhoilsigh an Coimisiún an anailís dara céim agus phléigh na Coistí í ina dhiaidh sin.[7]

I bhfianaise na ngníomhaíochtaí sin, tá tuairimí na gCoistí maidir le gnéithe rialachais an tSeimeastair Eorpaigh i **Roinn 1** den Tuairim seo. I **Roinn 2**, cuirtear i láthair breithnithe maidir le moltaí tírshonracha 2026 mar a mhol an Coimisiún iad agus mar a cuireadh faoi bhráid EMCO agus CCS an 4 Meitheamh iad. I **Roinn 3**, leagtar amach toradh an scrúdaithe ar an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit maidir le cur chun feidhme mholtaí tírshonracha ábhartha 2025 agus torthaí an Chreata um Chóineasú Sóisialta, i bhfoirm teachtaireachtaí téamacha. Tá na conclúidí tírshonracha comhfhreagracha faoi iamh sna h**Iarscríbhinní**.

---

5 Glactar na Moltaí sin ón gComhairle ag cruinnithe Chomhairle ECOFIN.

6 Pléadh dearadh agus gnéithe an Chreata um Chóineasú Sóisialta i Meitheal thiomnaithe EMCO-CCS a bhí gníomhach idir 2022 agus 2023 agus rinneadh cur síos orthu sna Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta agus i dtuarascáil ghaolmhar. Cuireadh an dá dhoiciméad faoi bhráid airí EPSCO i mí an Mheithimh 2023.

7 D'fhoilsigh an Coimisiún an anailís dara céim trí dhoiciméad inmheánach oibre an 21 Aibreán. Phléigh EMCO agus CCS an anailís trí athbhreithnithe tiomnaithe, a ndéantar achoimre ar a dtoradh i Roinn 3.1

## Roinn 1

### Gnéithe rialachais den Seimeastar Eorpach

**Ba é timthriall Sheimeastar Eorpach 2026 an dara bliain de chur chun feidhme chreat rialachais eacnamaíoch nua an Aontais, ina bhfuil Colún Eorpach na gCeart Sóisialta leabaithe go daingean.** Sa chomhthéacs sin, ba dhíol sásaimh do na Coistí comhtháthú doimhnithe na mbeartas eacnamaíoch, fostaíochta, scileanna agus sóisialta ar fud phróiseas an tSeimeastair, go háirithe i moltaí tírshonracha 2026. Cuireann an fhorbairt sin leis na gnéithe suntasacha fostaíochta agus sóisialta de na PSFManna[8], ar lean EMCO agus CCS de bheith ag rannchuidiú leo, de réir mar ab iomchuí, agus na Moltaí ón gComhairle lena bhformhuinítear a n-ábhar á n-ullmhú. Measann na Coistí go bhfuil an comhtháthú beartais neartaithe sin comhleanúnach lena n-obair sheanbhunaithe maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí i dtaca le margadh an tsaothair, scileanna agus beartais shóisialta mar thosca spreagtha an fháis eacnamaíoch chuimsithigh, na táirgiúlachta agus an iomaíochais.[9]

---

8 Litir ó Chathaoirligh EMCO agus CCS maidir leis na Pleananna Fioscacha-Struchtúracha Meántéarmacha, a cuireadh faoi bhráid airí EPSCO i mí Feabhra 2025.

9 Is aisti sin a d’eascair an Tuairim maidir le breisluach na hinfheistíochta sóisialta agus ról chomhlachtaí ullmhúcháin Chomhairle EPSCO i rialachas an tSeimeastair Eorpaigh (a d’fhormhuinigh an Chomhairle i mí na Samhna 2023), na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ról atá ag beartais mhargadh an tsaothair, beartais scileanna agus beartais shóisialta maidir le geilleagair athléimneacha (a d’fhormheas an Chomhairle i mí an Mheithimh 2024), agus na Treoirphrionsabail Dheonacha do Bhallstáit an Aontais chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí eacnamaíocha na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí i réimsí an mhargaidh saothair, na scileanna agus an bheartais shóisialta (a d’fhormhuinigh an Chomhairle i mí an Mheithimh 2024).

**Le timthriall Sheimeastar 2026, tugadh isteach an chéad Mholadh maidir le Caipiteal Daonna riamh, anailís chuimsitheach ar dhúshláin maidir le cáilíocht poist, agus béim athnuaite ar rioscaí bochtaineachta, neamhionannais agus eisiaimh shóisialta a laghdú i gcomhréir le Straitéis nua an Aontais in aghaidh na Bochtaineachta.**[10] Leis an Moladh maidir le Caipiteal Daonna, bunaítear creat beartais athnuaite chun forbairt an chaipitil dhaonna san Aontas a neartú. Leagtar béim ann ar a thábhachtaí agus a phráinní atá sé aghaidh a thabhairt ar ghanntanais in earnálacha straitéiseacha, dlús a chur le haitheantas cáilíochtaí, bunscileanna a threisiú, gairmoideachas agus gairmoiliúint agus oideachas ETIM a leathnú, agus úsáid níos mó a bhaint as faisnéis scileanna chun tacú le haistrithe sa mhargadh saothair agus leis an iomaíochas. An tráth céanna — ag tógáil ar Thuairim EMCO a glacadh in 2025 agus ar an nuashonrú gaolmhar ar chreat faireacháin[11] — rinneadh cáilíocht poist a chomhtháthú go córasach i bpróiseas an tSeimeastair Eorpaigh, agus anailís thiomnaithe á cur san áireamh i dTuarascáil Chomhpháirteach 2026 ar Fhostaíocht agus sna Tuarascálacha Tíre, rud a fhágann go soláthraítear treoraíocht bheartais go sainráite sna moltaí tírshonracha ar fud na bpríomhghnéithe, i gcás inarb ábhartha. Léirítear i bPacáiste an Earraigh freisin tosaíochtaí Straitéis nua an Aontais in aghaidh na Bochtaineachta, eadhon i ndáil leis na luamháin bheartais chun rioscaí bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta a laghdú.

---

10 Straitéis an Aontais in aghaidh na Bochtaineachta - Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú arna foilsiú ag an gCoimisiún an 6 Bealtaine 2026.

11 Tuairim ón gCoiste Fostaíochta maidir leis na gnéithe a bhaineann le cáilíocht poist, a cuireadh faoi bhráid airí EPSCO i mí an Mheithimh 2025. Áireofar creat faireacháin nuashonraithe i Monatóir 2026 ar Fheidhmíocht na Fostaíochta a tharchuirfear chuig an gComhairle roimh chruinniú EPSCO i mí Dheireadh Fómhair.

**Maidir leis an ngné fostaíochta agus shóisialta den Seimeastar, rinne na Coistí, le linn thimthriall 2026, a marana ar an dul chun cinn a rinneadh i dtreo spriocanna 2030 an Aontais agus spriocanna náisiúnta maidir leis an bhfostaíocht, scileanna, an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a laghdú.**[12] Tá an tAontas ar an mbóthar ceart tríd is tríd chun a sprioc fostaíochta le haghaidh 2030 a bhaint amach, agus tá a gcuspóirí náisiúnta bainte amach nó sáraithe cheana féin ag roinnt Ballstát. An tráth céanna, fágann an dul chun cinn easnamhach i dtreo sprioc scileanna 2030 go mbeidh rioscaí suntasacha ann san am atá le teacht, i bhfianaise na nganntanas leanúnach lucht saothair agus an fháis táirgiúlachta laghdaithe. Cuireann na Coistí in iúl freisin gur cúis imní dóibh nach leor fós an dul chun cinn atá déanta maidir leis an mbochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a laghdú ar fud na mBallstát, ó tharla nach bhfuil an tAontas ar an mbóthar ceart faoi láthair chun sprioc 2030 maidir le laghdú na bochtaineachta a bhaint amach agus go bhfuil éagothromaíochtaí leanúnacha ann a bhfuil tionchar acu ar dhaoine i staideanna leochaileacha. Tá na Coistí ag tnúth le plé a dhéanamh ar Phlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta atá ar na bacáin sa dara leath de 2026 chun tacú leis an dul chun i dtreo phríomhspriocanna 2030 an Aontais.[13]

**Chun tacú le sainaithint na rioscaí agus na ndúshlán a bhaineann leis an gcóineasú sóisialta aníos, rannchuidigh na Coistí le cur chun feidhme an Chreata um Chóineasú Sóisialta bunaithe ar anailísí a rinne an Coimisiún.** I bhfianaise na dtuairimí a cuireadh in iúl i dtimthriallta an tSeimeastair roimhe seo[14], thug roinnt Ballstát dá n-aire go bhféadfaí tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh ar fhéilire na hanailíse dara céim, a bhféadfaí tairbhe a dhéanamh di trí thuilleadh ama a cheadú le haghaidh idirphlé teicniúil idir an Coimisiún agus na Ballstáit lena mbaineann, agus trí shainiú na nasc cúisíoch ar fud na réimsí beartais a neartú agus trí fhorbairtí a rinneadh le déanaí a aithint ar bhealach níos sainráite. Tarraingíodh aird sa phlé ar an gcomhbhabhtáil atá ann idir tuilleadh ama a thabhairt d'idirphlé teicniúil domhain chun cáilíocht an idirphlé sin a áirithiú, ar thaobh amháin, agus infhaighteacht thráthúil ionchur a áirithiú d'athbhreithnithe faireachais iltaobhaigh na gCoistí, ar an taobh eile. Ba dhíol sásaimh do EMCO agus CCS gur comhtháthaíodh torthaí an Chreata sna tograí le haghaidh mholtaí tírshonracha 2026 agus sna Tuarascálacha Tíre, sa chaoi is gur tacaíodh le gníomhaíochtaí beartais a shainaithint chun an cóineasú sóisialta aníos a chothú.

---

12 Chuir na Coistí Tuairim maidir leis an bpróiseas náisiúnta chun spriocanna a leagan amach do 2030 faoi bhráid na Comhairle i mí an Mheithimh 2022.

13 Chuir na Coistí ionchur ar fáil don chéad Phlean Gníomhaíochta eile tríd an Tuairim maidir le Tosaíochtaí beartais an Aontais amach anseo maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, a d'fhormhuinigh an Chomhairle i mí an Mhárta 2024, agus le linn seisiún tuairimíochta a tionóladh i mí na Bealtaine 2025.

14 Measúnú ar an gCreat um Chóineasú Sóisialta mar a chuirtear chun feidhme é ar bhonn píolótach i dtimthriall Sheimeastar Eorpach 2024, a phléigh an Chomhairle ag an gcruinniú EPSCO an 2 Nollaig 2024.

**De réir an chleachtais chaighdeánaigh, bhí plé cuimsitheach ag EMCO agus CCS freisin le comhpháirtithe sóisialta an Aontais agus le hionadaithe eagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir leis na tosaíochtaí beartais a leagtar amach i bPacáiste an Fhómhair agus i bPacáiste an Earraigh.** De thoradh an phlé sin, bhí idirphlé cuiditheach substainteach ann, ar cuireadh san áireamh go cuí é agus an Tuairim seo á hullmhú. Athdhearbhaíonn na Coistí gur phríomhghné í rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta, ionadaithe na sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ag gach céim de thimthriall náisiúnta an tSeimeastair Eorpaigh agus an cheaptha beartais chun go n-éireoidh le comhordú agus cur chun feidhme an bheartais eacnamaíoch, fostaíochta agus shóisialta. Sa chomhthéacs sin, sa dara leath de 2026, déanfaidh EMCO Athbhreithniú tiomnaithe ar an Idirphlé Sóisialta chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn sna Ballstáit uile agus chun tuairisciú don Chomhairle maidir le staid an idirphlé shóisialta ar fud an Aontais.[15]

**Ar deireadh, leagann na Coistí béim ar an bhfíoras go raibh foilsiú Phacáiste an Earraigh i mí an Mheithimh ina chúis, don tríú bliain as a chéile, le bunú socruithe *ad hoc* ar leibhéal an Choiste chun rannpháirtíocht Chonradh-bhunaithe *filière* EPSCO a áirithiú agus na moltaí tírshonracha nua á n-ullmhú agus á bhformheas.** Dá thoradh sin, bhí am teoranta ann arís le haghaidh idirphlé leis na comhpháirtithe sóisialta agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta sna Coistí, bhí na Ballstáit in ann na moltaí tírshonracha a anailísiú agus a ullmhú go fóinteach, agus rinneadh seisiún hibrideach den chruinniú comhpháirteach bliantúil idir EMCO, CCS agus an Coiste um Beartas Eacnamaíoch (EPC). Fágann an tréimhse theoranta ama chun scrúdú a dhéanamh ar ghnéithe fostaíochta, scileanna agus sóisialta na moltaí tírshonracha go bhfuil an baol ann go mbainfí an bonn ó inchreidteacht phróiseas an tSeimeastair agus go n-imreofaí drochthionchar ar an úinéireacht agus ar chur chun feidhme tapa na moltaí. Is é is cúis leis sin an t-am teoranta atá ar fáil le haghaidh plé iltaobhach fóinteach, agus le haghaidh comhairliúcháin náisiúnta ina ndéantar na páirtithe leasmhara ábhartha uile a rannpháirtiú, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Tá EMCO agus CCS fós i fabhar amlíne leordhóthanach intuartha a bhunú chun Pacáiste an Earraigh a fhoilsiú agus tá siad faoi réir le tacú leis an gCoimisiún agus le hUachtaránachtaí na Comhairle amach anseo i ndáil leis sin.

---

[15] In 2025, chomhaontaigh EMCO raon feidhme a Athbhreithnithe ar an Idirphlé Sóisialta a athstruchtúrú agus a leathnú d'fhonn faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Mholadh 2023 ón gComhairle maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas ar fud na mBallstát uile, agus iarradh ar na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta rannchuidiú leis sin mar phléitheoirí.

**Roinn 2**

**Measúnú ar na moltaí ón gCoimisiún le haghaidh mholtaí tírshonracha 2026**

**Sa treoir bheartais i bPacáiste Earraigh 2026, léirítear comhthéacs socheacnamaíoch ina bhfuil éiginnteacht gheopholaitiúil ag dul i méid, ina bhfuil dlús á chur leis an athrú teicneolaíoch agus ina bhfuil dúshláin struchtúracha leanúnacha ag baint d'iomaíochas, táirgiúlacht agus comhtháthú sóisialta an Aontais.** Tugann na Coistí dá n-aire gur daingniú breise ar fhorbairt struchtúrach an tSeimeastair Eorpaigh é timthriall 2026, a mhéid is go dtugtar aghaidh ar an iomaíochas, ar an athléimneacht agus ar an gcothroime shóisialta ar bhealach comhtháite, agus go n-aithnítear caipiteal daonna agus comhtháthú sóisialta mar réamhriachtanais le haghaidh fás táirgiúlachta agus cobhsaíocht eacnamaíoch. Sa chomhthéacs sin, i dtimthriall an tSeimeastair Eorpaigh i mbliana, leanadh de bhéim a leagan ar a riachtanaí atá sé iomaíochas agus athléimneacht fhadtéarmach an Aontais a neartú laistigh de gheilleagar sóisialta margaidh na hEorpa.

**Is díol sásaimh do na Coistí an t-aitheantas méadaithe arna thabhairt i moltaí tírshonracha 2026 ar athchóirithe agus infheistíocht i gcaipiteal daonna, i bpoist ardcháilíochta agus sa chuimsiú sóisialta mar phríomhthosca spreagtha an fháis eacnamaíoch inbhuanaithe agus an chóineasaithe shóisialta aníos.** Faoi chuimsiú shainchúram *filière* EPSCO, is é a bhí mar thoradh air sin líon ard tograí le haghaidh moltaí tírshonracha darb aidhm aghaidh a thabhairt ar ghanntanais agus mímheaitseálacha saothair agus scileanna, rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a mhéadú, cáilíocht poist a chur chun cinn, córais oideachais agus oiliúna a neartú, cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta a fheabhsú, bochtaineacht a laghdú agus dul i ngleic le dúshláin inacmhainneacht tithíochta. Ar an iomlán, léirítear go hiomchuí sna tograí le haghaidh mholtaí tírshonracha 2026 an t-idirspleáchas idir feidhmíocht eacnamaíoch, dul chun cinn sóisialta agus cuspóirí straitéiseacha an Aontais, agus is treoir thábhachtach iad ar leibhéal an Aontais freisin in oirchill Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2028 go 2034.

**Leagtar béim sna tograí le haghaidh mholtaí tírshonracha 2026 ar fheidhmíocht mhargadh an tsaothair agus ar cháilíocht poist mar chomhpháirteanna bunriachtanacha de gheilleagar iomaíoch athléimneach.** Moltar do na Ballstáit treisiú le beartais ghníomhacha um an margadh saothair, tacú le haistrithe sa mhargadh saothair agus rannpháirtíocht grúpaí atá faoi ghannionadaíocht sa mhargadh saothair a mhéadú. Tá an méid sin comhsheasmhach leis an dearcadh nach bhfuil feidhmíocht mhargadh an tsaothair bunaithe ar líon na bpost amháin ach ar cháilíocht na fostaíochta freisin, a mbíonn tionchar aici ar rannpháirtíocht, ar tháirgiúlacht agus ar dhinimic an tsoláthair saothair. I ndáil leis sin, aithnítear go hiomchuí sna tograí a thábhachtaí atá sé deiseanna uas-scilithe agus athscilithe a leathnú, aghaidh a thabhairt ar dheighilt mhargadh an tsaothair, dálaí oibre a fheabhsú, agus rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta a fheabhsú i gcomhréir le dlíthe agus cleachtais náisiúnta.

**Sna moltaí nua, leantar de bhéim láidir a leagan ar oideachas, ar scileanna agus ar fhorbairt caipitil dhaonna mar shócmhainní straitéiseacha ar mhaithe le rathúnas agus iomaíochas na hEorpa amach anseo.** Tugann na Coistí dá n-aire go bhfuil beartais scileanna á gceapadh níos mó agus níos mó ní hamháin mar uirlisí beartais fostaíochta, ach mar chumasóirí straitéiseacha i dtaca le hiomaíochas, claochlú tionsclaíoch agus ceannasacht theicneolaíoch an Aontais. I bhfianaise ganntanas leanúnach saothair agus scileanna, forbairtí déimeagrafacha agus an éilimh mhéadaithigh ar ardscileanna, scileanna digiteacha agus scileanna ETIM, moltar do na Ballstáit na córais oideachais agus oiliúna a neartú, deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a leathnú agus an rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach a fheabhsú. I roinnt tograí le haghaidh moltaí tírshonracha, dírítear ar bhunscileanna a fheabhsú, ar chuimsitheacht agus cáilíocht an tsoláthair oideachais agus oiliúna a mhéadú, agus ar chórais foghlama a ailíniú a thuilleadh le riachtanais mhargadh an tsaothair. Is díol sásaimh do na Coistí go n-aithnítear go bhfuil beartais scileanna ríthábhachtach, ní hamháin chun tacú leis an bhfostaíocht agus leis an gcuimsiú sóisialta, ach freisin chun go bhféadfaidh an tAontas an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur i gcrích agus chun a uathriail straitéiseach a neartú in earnálacha barrthábhachtacha.

**Maidir le réimsí an chuimsithe shóisialta agus na cosanta sóisialta, sna tograí le haghaidh mholtaí tírshonracha 2026, leantar d'aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an mbochtaineacht, le neamhionannais, leis an eisiamh sóisialta, agus le leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht na gcóras cosanta sóisialta, lena n-áirítear rochtain ar chúram sláinte ar ardchaighdeán agus ar chúram fadtéarmach.** Is díol sásaimh do na Coistí an cóineasú leanúnach i gcuir chuige beartais ina nasctar breithnithe leordhóthanachta agus inbhuanaitheachta le béim mhéadaithe arna leagan ar ghníomhachtú, ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus ar rochtain ar sheirbhísí sóisialta. Is díol sásaimh do na Coistí freisin an aird ar leith arna tabhairt ar éifeachtacht, cumhdach agus leordhóthanacht na n-aistrithe sóisialta agus an chúnaimh shóisialta a fheabhsú, go háirithe do dhaoine atá i staideanna leochaileacha agus do leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, i gcomhréir leis an Straitéis in aghaidh na Bochtaineachta. Moltar do na Ballstáit freisin feabhas a chur ar an rochtain ar chúram sláinte agus ar sheirbhísí ardcháilíochta agus pobalbhunaithe cúraim fhadtéarmaigh, agus treochtaí déimeagrafacha, ganntanas lucht saothair agus éagothromaíochtaí críochacha á gcur san áireamh. Aithnítear go hiomchuí sna tograí gur den ríthábhacht é i gcónaí bearta a dhéanamh chun córais cosanta sóisialta agus cuimsithe shóisialta a neartú má táthar le bochtaineacht agus eisiamh sóisialta a chosc agus a laghdú, athléimneacht a áirithiú, tacú le rannpháirtíocht i margadh an tsaothair do dhaoine i staideanna leochaileacha, agus rannchuidiú le comhionannas a fheabhsú agus dul i ngleic le dúshláin dhéimeagrafacha.

**Tugann na Coistí dá n-aire freisin go bhfuil méadú ag teacht ar shuntasacht na hinacmhainneachta tithíochta i bpróiseas an tSeimeastair.** I roinnt Ballstát, bíonn tionchar níos mó ag costais tithíochta ar shoghluaisteacht an lucht saothair, ar chaighdeáin mhaireachtála agus ar chuimsiú sóisialta, sa bhreis ar na rioscaí méadaitheacha a bhaineann le heisiamh tithíochta. Tugann na Coistí dá n-aire go n-aithnítear inacmhainneacht tithíochta níos mó agus níos mó ní hamháin mar dhúshlán sóisialta ach freisin mar thoisc a dhéanann difear do dheacrachtaí earcaíochta, do shoghluaisteacht an lucht saothair, d'éifeachtúlacht chomhfhreagrach mhargadh an tsaothair, agus go bhfuil impleachtaí níos leithne aici d'fhás táirgiúlachta agus do chobhsaíocht eacnamaíoch ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, leagtar béim iomchuí sna tograí le haghaidh moltaí tírshonracha ar an ngá atá le haghaidh a thabhairt ar bhacainní struchtúracha a dhéanann difear d'infhaighteacht agus inacmhainneacht tithíochta, agus aitheantas á thabhairt do na himpleachtaí eacnamaíocha agus sóisialta níos leithne a bhaineann le forbairtí sa mhargadh tithíochta. Tugann na Coistí dá n-aire a thábhachtaí atá sé a áirithiú nach gcuirfidh comhtháthú na ngnéithe breise sin ualach míchuí ar an Seimeastar.

**Tugann na Coistí dá n-aire comhtháthú leanúnach an Chreata um Chóineasú Sóisialta sa Seimeastar Eorpach**. Le timthriall 2026, chonacthas an tríú bliain de chur chun feidhme an Chreata um Chóineasú Sóisialta mar ionstraim chomhtháite laistigh den Seimeastar Eorpach, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1263 agus le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Chuidigh an creat le rioscaí agus dúshláin don chóineasú sóisialta aníos a shainaithint go córasach agus go cuimsitheach, lena n-áirítear trí mhalartuithe déthaobhacha agus athbhreithnithe iltaobhacha sna Coistí arb é is aidhm dóibh an Chomhairle a chur ar an eolas faoi staid an chóineasaithe shóisialta san Aontas. Tá torthaí an chreata mar bhonn eolais freisin d’anailís agus do threoraíocht bheartais an Choimisiúin i bPacáiste Earraigh 2026.

**Ar deireadh, tugann na Coistí dá n-aire, in ainneoin na socruithe *ad hoc* ba ghá chun tograí le haghaidh moltaí tírshonracha 2026 a thabhairt chun críche, gur áirithíodh dlúthchomhar idir EMCO agus SPC agus coistí comhairleacha eile**. Leis an gcomhar le coistí ECOFIN, bhíothas in ann scrúdú éifeachtach a dhéanamh ar roinnt saincheisteanna beartais de chineál trasearnálach idir comhlachtaí ullmhúcháin EPSCO agus ECOFIN. I gcomhréir leis an gcleachtas caighdeánach, rinneadh plé in EMCO ar mholtaí tírshonracha a bhaineann le hoideachas, oiliúint agus scileanna agus toscairí ón gCoiste Oideachais páirteach ann. Pléadh moltaí tírshonracha a bhaineann leis an tsláinte in SPC, agus iarradh ar chomhaltaí comhordú a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta le saineolaithe ábhartha.

## Roinn 3

## Na príomhthorthaí maidir le cur chun feidhme Mholtaí Tírshonracha 2025 agus maidir le staid an chóineasaithe shóisialta san Aontas

**Tá faireachas iltaobhach i measc phríomhchúraimí EMCO agus SPC faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh**.[16] Is é atá i gceist leis, *inter alia*[17], grinnmheasúnú ar na hathchóirithe, na hinfheistíochtaí agus na gníomhaíochta beartais níos leithne a d'éirigh as na moltaí tírshonracha a d'eisigh an Chomhairle le linn timthriallta eile den Seimeastar Eorpach. Dá réir sin, tá ról ríthábhachtach ag na gníomhaíochtaí faireachais iltaobhaigh maidir le tacú le gníomhaíocht beartais na mBallstát trí eolas ar bheartais agus dea-chleachtais a mhalartú agus trí chomhthuiscint ar dhúshláin thírshonracha a chur chun cinn d'fhonn an Chomhairle a chur ar an eolas faoin méid sin.

**In 2026, rinne an dá Choiste measúnú ar chur chun feidhme mholtaí tírshonracha ábhartha 2025 agus - i gcomhthéacs an Chreata um Chóineasú Sóisialta - phléigh siad agus tháinig siad ar chonclúidí maidir le rioscaí agus dúshláin don chóineasú sóisialta aníos san Aontas**. I gcás na n-athbhreithnithe tírshonracha uile, bhí na conclúidí bunaithe ar ionchuir tosaigh sheirbhísí an Choimisiúin tríd an anailís dara céim a foilsíodh i mí Aibreáin agus ar thuairisciú na mBallstát féin ar na bearta is déanaí a rinneadh, agus ina dhiaidh sin rinne na Ballstáit eile agus an Coimisiún measúnuithe iltaobhacha ar na bearta sin. Thángthas ar chomhaontú frithpháirteach maidir leis na conclúidí tírshonracha agus tá siad i gceangal leis an tuairim seo.

---

16 I gcás EMCO, tá an cleachtadh bunaithe ar Airteagail 148 agus 150 CFAE, agus i gcás SPC tá sé bunaithe ar Airteagal 160 CFAE.

17 In EMCO, áirítear sna gníomhaíochtaí faireachais iltaobhaigh freisin athbhreithnithe tiomnaithe ar chur chun feidhme Moltaí áirithe ón gComhairle atá faoi shainchúram *filière* EPSCO agus atá dírithe ar na Ballstáit uile. In SPC, eagraítear grinnphlé téamach tiomnaithe nó cuirtear tuarascálacha comhpháirteacha in iúl chun obair leantach a dhéanamh ar Mholtaí ábhartha ón gComhairle.

### 3.1. Torthaí cothrománacha ó EMCO agus SPC maidir le cóineasú sóisialta aníos

**An 19-20 Bealtaine, rinne EMCO agus SPC sraith Athbhreithnithe ar Chóineasú Sóisialta bunaithe ar anailís dara céim an Choimisiúin ar an gCreat um Chóineasú Sóisialta**. Cumhdaíodh sna hathbhreithnithe naoi mBallstát a sainaithníodh san anailís ón gCoimisiún a foilsíodh an 21 Aibreán mar Bhallstáit a bhféadfadh rioscaí a bheith ag baint leo don chóineasú sóisialta aníos, chomh maith le cur chun feidhme Mholtaí Tírshonracha ábhartha 2025 atá dírithe ar na Ballstáit sin. Rannchuidíonn an anailís le faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí fostaíochta, scileanna agus beartais shóisialta sa Seimeastar Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 148 CFAE, lena dtacaítear le hiarrachtaí chun cóineasú sóisialta aníos a chothú ar fud an Aontais agus le dul chun cinn i dtreo spriocanna 2030 an Aontais agus spriocanna náisiúnta a bhaineann le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta.

- **In anailís dara céim 2026 ar an gCreat um Chóineasú Sóisialta, cuireadh i dtábhacht sraith rioscaí atá comhroinnte den chuid is mó maidir le cóineasú sóisialta aníos ar fud na mBallstát a ndearnadh athbhreithniú orthu**. Aithníodh na rioscaí sin go forleathan freisin sa phlé piaraí, fiú i gcás ina raibh méid agus treo na dtreochtaí éagsúil ar fud na dtíortha. Deimhníodh sna hathbhreithnithe go bhfuil na Ballstáit ag tabhairt faoi raon leathan athchóirithe agus infheistíochtaí, lena n-áirítear i gcásanna áirithe athruithe struchtúracha ar mhórscála. Mar sin féin, tá go leor de na dúshláin struchtúracha a sainaithníodh fós ag cur bac ar an dul chun cinn i dtreo cóineasú sóisialta aníos agus tá gá le tuilleadh iarrachtaí leanúnacha beartais chun torthaí intomhaiste a dhéanamh d'athchóirithe leanúnacha. Dá bhrí sin, beidh gá le hiarrachtaí leanúnacha chun a áirithiú go mbeidh cóineasú sóisialta aníos marthanach mar thoradh ar na hathchóirithe leanúnacha.

- **Is pictiúr measctha iad forbairtí i margadh an tsaothair**. Cé go bhfuil treochtaí fostaíochta foriomlána fós dearfach i roinnt mhaith Ballstát, tá bearnaí suntasacha fós ann agus i gcásanna áirithe tá bearnaí atá ag dul i méid fós ann do ghrúpaí sonracha, go háirithe mná, daoine óga, daoine faoi mhíchumas agus náisiúnaigh tríú tír. Tá éagothromaíochtaí réigiúnacha fós suntasach freisin, rud a léiríonn dúshláin leanúnacha maidir le torthaí níos cothroime a áirithiú i margadh an tsaothair ar fud na réigiún agus na ngrúpaí daonra. I gcásanna áirithe, níl grúpaí leochaileacha chomh fabhrach céanna fós nó tá dinimicí dífhostaíochta ag dul in olcas fiú. An tráth céanna, i roinnt Ballstát, tá ganntanas lucht saothair agus mímheaitseálacha scileanna fós ina srianta struchtúracha. Chomh maith leis sin, cruthaíonn cáilíocht neamhleor post rioscaí d'fheidhmíocht mhargadh an tsaothair agus do chóineasú sóisialta aníos a bhaint amach. Dá bhrí sin, tá gá le hiarrachtaí leanúnacha chun rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a mhéadú, deighilt a laghdú agus dálaí oibre a fheabhsú, lena n-áirítear trí chomhar neartaithe leis na comhpháirtithe sóisialta agus trí sheirbhísí poiblí fostaíochta dea-fheidhmiúla.

- **I réimse na scileanna agus an oideachais, deimhníodh sna hathbhreithnithe dúshláin leanúnacha atá comhroinnte den chuid is mó, go háirithe maidir le rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach, scileanna bunúsacha agus digiteacha, agus luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna**. Tá rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach fós go mór faoi bhun sprioc 2030 an Aontais, rud a chuireann teorainn leis na deiseanna atá ag go leor oibrithe agus cuardaitheoirí poist iad féin a chur in oiriúint do chlaochluithe sa mhargadh saothair. Cé go bhfuil an fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus an t-uas-sciliú á leathnú, tá srian fós ar a bhfor-rochtain agus ar a n-éifeachtacht do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus faoi ghannionadaíocht. Tá rioscaí ag baint leis sin go mbeidh neamhionannais leanúnacha ann maidir le sealbhú scileanna agus torthaí mhargadh an tsaothair. Is minic a bhíonn bearta struchtúracha chun luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna a laghdú ag brath ar acmhainneacht ar leibhéal an chórais, lena n-áirítear infhaighteacht múinteoirí, ullmhacht institiúideach agus cumas scoileanna freagairt do phróifílí foghlaimeoirí atá ag éirí níos éagsúla. Ar an iomlán, is príomhthosaíocht i gcónaí ar fud na mBallstát é cáilíocht, cuimsitheacht agus ábharthacht na gcóras oideachais agus oiliúna don mhargadh saothair a neartú.

- **Leagadh béim bhreise sna hathbhreithnithe ar dhúshláin shóisialta leanúnacha, go háirithe dúshláin a bhaineann le réimsí na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta**. Tá rioscaí fós ard do ghrúpaí sonracha den daonra, lena n-áirítear teaghlaigh a bhfuil leanaí acu, daoine faoi mhíchumas agus grúpaí eile i gcásanna leochaileacha, rud is measa fós go minic mar gheall ar éagothromaíochtaí réigiúnacha i soláthar seirbhísí. Tá tionchar fós ag na dúshláin sin ar an gcomhtháthú sóisialta agus ar an gcóineasú sóisialta aníos agus tá siad nasctha, inter alia, le saincheisteanna maidir le leordhóthanacht sochair, inrochtaineacht, glacadh agus éifeachtacht na gcóras cosanta sóisialta chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí bochtaineachta. Is gá aird níos mó a thabhairt i gcónaí ar bhochtaineacht leanaí go háirithe, i bhfianaise na n-impleachtaí fadtéarmacha a bhaineann léi do chomhionannas deiseanna agus do chóineasú sóisialta aníos idirghlúine. Ag an am céanna, tá méadú ag teacht ar an mbrú atá ar chórais cúraim fhadtéarmaigh agus ar infhaighteacht an lucht saothair san earnáil sláinte, cúraim agus shóisialta mar gheall ar aosú an daonra, agus tá dúshláin inbhuanaitheachta níos leithne ann do chórais cosanta sóisialta ag an am céanna. Cé go bhfuil athchóirithe ar chórais cúnaimh shóisialta agus cosanta sóisialta ar siúl i roinnt mhaith Ballstát, tá siad sin fós ag céimeanna éagsúla den chur chun feidhme agus beidh gá le faireachán agus coigeartú leanúnach le himeacht ama.

**Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin thuasluaite, tá raon leathan athchóirithe á gcur chun feidhme ag na Ballstáit**. Mar sin féin, braitheann a n-éifeachtacht den chuid is mó ar chur chun feidhme tráthúil, ar acmhainneacht riaracháin leordhóthanach, ar chomhordú éifeachtach ar fud na leibhéal rialachais agus ar infheistíocht leanúnach i gcumais institiúideacha. Go háirithe:

- I roinnt cásanna, is gá fós measúnú a dhéanamh ar bhearta gníomhachtúcháin agus ar scéimeanna fostaíochta fóirdheonaithe maidir lena n-éifeachtacht chun tacú le lánpháirtiú inbhuanaithe sa mhargadh saothair, go háirithe i gcás grúpaí leochaileacha. Sa chomhthéacs sin, tá rannpháirtíocht níos straitéisí fostóirí, lena n-áirítear FBManna, ríthábhachtach i gcónaí, ós rud é gur minic a bhíonn bacainní rompu maidir le rochtain a fháil ar bhearta tacaíochta fostaíochta agus oiliúna agus iad a úsáid.

- Leagadh béim sna hathbhreithnithe ar a thábhachtaí atá cuir chuige chomhtháite lena gcomhcheanglaítear beartais ghníomhachtúcháin, forbairt scileanna, tacaíocht leordhóthanach ioncaim agus rochtain ar sheirbhísí chun rannpháirtíocht chuimsitheach sa mhargadh saothair a chothú agus cóineasú sóisialta aníos a neartú.

- Leagadh béim arís sna hathbhreithnithe ar a thábhachtaí atá creataí láidre faireacháin, dearadh beartais fianaisebhunaithe agus meastóireacht tionchair chórasach roimh an gcur chun feidhme, lena linn agus ina dhiaidh. Tá uirlisí den sórt sin ríthábhachtach chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na n-athchóirithe, chun tacú le foghlaim beartais ar fud na mBallstát agus chun éifeachtúlacht na hinfheistíochta sóisialta a fheabhsú, agus ag an am céanna rannchuidiú le húsáid éifeachtach ionstraimí cistiúcháin an Aontais, go háirithe Ciste Sóisialta na hEorpa+ (CSE+), chun tacú le hathchóirithe struchtúracha.

**Tacaíonn an Creat um Chóineasú Sóisialta le faireachán comhtháite ar fhorbairtí fostaíochta, scileanna agus sóisialta trí rannchuidiú le rioscaí don chóineasú sóisialta aníos ar fud an Aontais a shainaithint**. Ag an am céanna, d'fhéadfaí tuilleadh oibre a dhéanamh chun naisc chúisíocha idir réimsí beartais a neartú. Tugadh faoi deara freisin go bhfuil dúshláin oibríochtúla fós ag baint le hamlíne chomhbhrúite na hanailíse dara céim, mar aon lena raon feidhme téamach leathan agus an gá atá le comhordú ar fud riaracháin náisiúnta iomadúla, rud a thugann le fios go bhféadfaí tuilleadh mionchoigeartaithe a dhéanamh ar an amlíne do thimthriallta Seimeastair amach anseo.

**3.2. Torthaí cothrománacha ó EMCO**

**An 18 agus an 19 Márta, mar chuid dá ghníomhaíochtaí faireachais iltaobhaigh bliantúla, rinne an Coiste Fostaíochta athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme Mholtaí Tírshonracha 2025 maidir le hoideachas agus scileanna**. Léiríodh sna hathbhreithnithe go bhfuil raon leathan athchóirithe á saothrú go gníomhach ag na Ballstáit mar fhreagairt ar dhúshláin choiteanna ar fud an Aontais, lena n-áirítear ganntanais leanúnacha lucht saothair - go háirithe ganntanais múinteoirí - bunscileanna atá ag laghdú, an gá atá le dlús a chur le huas-sciliú agus athsciliú, agus a thábhachtaí atá sé níos mó foghlaimeoirí, go háirithe mná, a mhealladh isteach i réimsí ETIM. Cé go bhfuil go leor de na hathchóirithe a cuireadh i láthair uaillmhianach agus ábhartha ó thaobh struchtúir de, is minic a fhanann siad ag céim luath agus nach bhfuil creataí leordhóthanacha comhleanúnachais agus faireacháin acu chun measúnú a dhéanamh ar a dtionchar iomlán.

- **Ní mór féachaint ar na forbairtí sin i gcomhthéacs margadh saothair réasúnta láidir**. Tá rátaí fostaíochta fós ard, tá an dífhostaíocht cobhsaí, agus is cosúil gur féidir sprioc fostaíochta 2030 an Aontais a bhaint amach. Mar sin féin, tá an athléimneacht sin ann i gcomhthráth le hacmhainneacht mhór neamhshaothraithe. Ní dhéantar mná, daoine óga, oibrithe scothaosta, daoine faoi mhíchumas ná daoine a mbaineann cúlra imirceach leo a chomhtháthú go leordhóthanach san fhostaíocht i roinnt mhaith Ballstát. Léiríonn sé sin, in ainneoin torthaí comhiomlána dearfacha, nach bhfuil na margaí saothair ag slógadh an chaipitil dhaonna atá ar fáil go hiomlán go fóill. I gcomhthéacs ganntanas struchtúrach lucht saothair agus an athraithe dhéimeagrafaigh, is príomhshrian é sin ar an bhfás, ar an iomaíochas agus ar an gcomhtháthú sóisialta amach anseo.

- **I bhfianaise an mhéid sin, tagann scileanna chun cinn mar dhúshlán struchtúrach lárnach**. Léiríonn laghdú ar litearthacht agus uimhearthacht i gcás mic léinn agus daoine fásta araon go bhfuil creimeadh ar bhunscileanna, ar cúis imní é, rud a bhfuil impleachtaí díreacha aige don infhostaitheacht, don táirgiúlacht agus don acmhainneacht fáis fhadtéarmach. An tráth céanna, tá rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach fós faoi bhun sprioc 2030 an Aontais, rud a thugann le fios nach bhfuil córais uas-scilithe agus athscilithe ag feidhmiú go fóill ar an scála ná ar an déine is gá. I dteannta a chéile, léiríonn na treochtaí sin laigí ar fud na gcóras náisiúnta oideachais agus oiliúna - ón oideachas tosaigh go dtí an fhoghlaim ar feadh an tsaoil - rud a chuireann teorainn le cumas daoine aonair oiriúnú d'éilimh athraitheacha mhargadh an tsaothair. Tá faisnéis agus réamhaisnéis láidir scileanna ríthábhachtach chun ganntanais saothair agus scileanna atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a réamh-mheas, a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtach.

- **Léirítear níos mó agus níos mó iarrachtaí chun scileanna digiteacha agus glasa a neartú, chomh maith le conairí ETIM a chur chun cinn, i gcláir oibre náisiúnta um athchóiriú, rud a léiríonn aitheantas comhroinnte dá dtábhacht straitéiseach**. Mar sin féin, is minic nach ndéantar na hiarrachtaí sin a chomhtháthú go leordhóthanach chun tionchar sistéamach a ghiniúint. Ina theannta sin, mar gheall ar infhaighteacht theoranta sonraí toraidh, tá sé deacair a mheas an bhfuil feabhas éifeachtach á chur ag beartais ar rannpháirtíocht, ar thabhairt chun críche agus ar ábharthacht mhargadh an tsaothair. Tá sé sin le feiceáil go háirithe i réimsí ETIM, inar cuspóir coiteann i gcónaí é rannpháirtíocht na mban a mhéadú, ach ina mbraitheann an dul chun cinn ar chineálacha cur chuige níos comhleanúnaí agus níos leanúnaí lena gcuimsítear luathoideachas, treoir agus conairí gairme.

- **Is dhá chumasóir chriticiúla d'fheidhmíocht an chórais iad an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint agus gairm na múinteoireachta, ach tá scrogaill struchtúracha roimh an dá cheann acu**. Tá ról lárnach fós ag córais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna maidir le tacú le freagrúlacht mhargadh an tsaothair, go háirithe i gcás ina bhfuil an fhoghlaim obairbhunaithe dea-fhorbartha. Mar sin féin, tá difríochtaí suntasacha fós ann maidir le tarraingteacht, ábharthacht agus glacadh ar fud na mBallstát, rud a léiríonn dul chun cinn míchothrom. Ag an am céanna, tá ganntanas múinteoirí ag teacht chun cinn mar cheann de na srianta is práinní ar chórais oideachais. Déanann aosú an lucht saothair, dúshláin earcaíochta, dálaí oibre agus tarraingteacht ghairmiúil difear do sholáthar múinteoirí cáilithe. Cé go bhfuil tábhacht le bearta chun dálaí oibre a fheabhsú agus an t-ualach oibre a laghdú, tá gá le cur chuige níos cuimsithí agus níos réamhbhreathnaithí chun aghaidh a thabhairt ar earcaíocht, coinneáil, forbairt ghairmiúil agus ionchais ghairme.

- **Ar fud na píblíne oideachais, tá roinnt dúshlán fós ann**. Tá méadú tagtha ar rannpháirtíocht in oideachas agus i gcúram na luath-óige (ECEC) le deich mbliana anuas, ach níl sí leordhóthanach ar an iomlán fós, go háirithe do leanaí ó chúlra faoi mhíbhuntáiste agus ó chúlra imirceach, agus tá impleachtaí aige sin do thorthaí oideachais níos déanaí agus don imeascadh i margadh an tsaothair. Leanann luathfhágáil na scoile de bheith ag laghdú, ach tá éagothromaíochtaí suntasacha fós ann ar fud grúpaí daonra agus réigiún, agus tá baol níos airde ann go bhfágfaidh foghlaimeoirí atá faoi mhíbhuntáiste iad. Ag an am céanna, tá méadú ag teacht ar an ngá atá le córais oideachais chun freagairt ar sciar méadaitheach na mac léinn a bhfuil riachtanais speisialta acu, rud a mhéadaíonn an t-éileamh ar chuir chuige chuimsitheacha, ar struchtúir tacaíochta leordhóthanacha agus ar fhoireann leordhóthanach. I dteannta a chéile, cuireann na forbairtí sin i dtábhacht an gá atá le dúshraith níos láidre, leanúnachas níos fearr thar chéimeanna na foghlama, agus córais oideachais níos cuimsithí.

- **Anuas ar na dúshláin sin, tá méadú ag teacht i gcónaí ar ghnóthachtáil oideachais threasaigh, rud a chuireann le daonra atá ag éirí níos oilte**. Mar sin féin, tá neamhionannais níos leithne fós ann, ós rud é go bhfuil tionchar láidir fós ag an gcúlra socheacnamaíoch ar thorthaí oideachais. An tráth céanna, is gnách gur lú na héagothromaíochtaí a léiríonn na Ballstáit a bhfuil feidhmíocht fhoriomlán níos airde acu, rud a thugann le fios go dtreisíonn an cháilíocht agus an cothromas a chéile. Léiríonn sé sin a thábhachtaí atá cuir chuige bheartais lena gcomhcheanglaítear barr feabhais agus cuimsiú, seachas caitheamh leo mar chuspóirí iomaíocha.

- **Ar an iomlán, léiríodh conclúid shoiléir sna hathbhreithnithe: tá iarrachtaí athchóirithe ar siúl ach níl siad ag feidhmiú go fóill ar an scála, ar an gcomhtháthú ná ar an leibhéal aibíochta is gá chun athrú sistéamach a chur ar fáil**. Éilíonn athchóirithe sa réimse seo am chun torthaí intomhaiste a bhaint amach. Sa chomhthéacs sin, tá córais faireacháin agus meastóireachta fós tearcfhorbartha. Cé go bhforáiltear le go leor athchóirithe go dtabharfar creataí faireacháin agus measúnuithe tionchair isteach, is minic nach mbíonn siad sin ag feidhmiú go fóill. Cuireann sé sin teorainn leis an gcumas measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht, go háirithe maidir le teagmháil a dhéanamh le grúpaí faoi ghannionadaíocht, agus lagaíonn sé an bonn fianaise le coigeartú beartais. Ina theannta sin, tá laghdú tagtha ar infheistíocht phoiblí san oideachas agus san oiliúint mar sciar de OTI le blianta beaga anuas, rud a mhéadaíonn an tábhacht a bhaineann lena áirithiú go n-úsáidtear na hacmhainní atá ar fáil go straitéiseach agus go héifeachtúil. I bhfianaise an mhéid sin, is féidir ról comhlántach tábhachtach a bheith ag an bhfoghlaim fhrithpháirteach ar leibhéal an Aontais agus ag ionstraimí cistiúcháin an Aontais maidir le tacú le dearadh athchóirithe, infheistíocht atá dírithe ar cháilíocht a threisiú agus torthaí fadtéarmacha a fheabhsú.

**An 29-30 Aibreán, mar chuid dá ghníomhaíochtaí faireachais iltaobhaigh bliantúla, rinne an Coiste Fostaíochta athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme Mholtaí Tírshonracha 2025 maidir le rannpháirtíocht agus mímheaitseálacha i margadh an tsaothair, cánachas saothair, deighilt mhargadh an tsaothair agus idirphlé sóisialta**. Léiríodh sna hathbhreithnithe go bhfuil bearta á ndéanamh ag na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin struchtúracha choiteanna, lena n-áirítear ganntanais saothair agus scileanna, rannpháirtíocht íseal sa mhargadh saothair i gcás grúpaí áirithe, deighilt leanúnach, agus an gá atá leis an idirphlé sóisialta agus an chómhargáil a neartú. Cé gur minic a bhí na bearta a cuireadh i láthair ábhartha agus - i gcásanna áirithe - forleathan, tá go leor acu fós ag céim luath den chur chun feidhme agus beidh am ag teastáil ina leith, chomh maith le faireachán agus meastóireacht láidir, chun measúnú iomlán a dhéanamh ar a n-éifeachtacht.

- **Ar an iomlán, léiríodh sna hathbhreithnithe cás ina n-oibríonn margaí saothair go maith go comhiomlán, ach go leanann neamhéifeachtúlachtaí struchtúracha de bheith ag cur teorainn leis an gcuimsitheacht agus le leithdháileadh éifeachtach an tsaothair araon**. Ní dhéantar mná, daoine óga, oibrithe scothaosta, oibrithe ar bheagán oiliúna, daoine faoi mhíchumas ná daoine a mbaineann cúlra imirceach leo a chomhtháthú go leordhóthanach san fhostaíocht i roinnt mhaith Ballstát. Tá a dtearcionadaíocht fós ag cur isteach ar an soláthar saothair, go háirithe i gcomhthéacs aosú déimeagrafach, ganntanas leanúnach lucht saothair agus soghluaisteacht réigiúnach theoranta. Tugann sé seo le fios, d'ainneoin torthaí comhiomlána dearfacha, nach bhfuil margaí saothair ag slógadh an chaipitil dhaonna atá ar fáil go hiomlán go fóill, agus go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí spriocdhírithe leanúnacha chun a áirithiú go mbeidh torthaí níos cuimsithí mar thoradh ar fheabhsuithe.

- **Is suntasach fós ganntanas lucht saothair agus mímheaitseálacha scileanna agus léirítear leo bearnaí struchtúracha idir soláthar agus éileamh lucht saothair**. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, ní hamháin go bhfuil gá le sásraí meaitseála éifeachtacha, ach tá gá freisin le comhordú níos láidre idir beartais mhargadh an tsaothair agus beartais oideachais. Tá bearta déanta ag na Ballstáit chun beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a neartú, lena n-áirítear trí thacaíocht fheabhsaithe do chuardach poist, trí ghairmthreoir, agus trí sholáthar seirbhísí níos comhtháite, go háirithe trí sheirbhísí fostaíochta poiblí athstruchtúraithe agus trí chuir chuige ionaid ilfhreastail. Léirítear gur príomhchoinníoll é neartú an chomhair idir fostóirí agus soláthraithe oiliúna, le tacaíocht ó fhaisnéis láidir scileanna, chun a áirithiú go bhfreagróidh forbairt scileanna do ghanntanais atá ann faoi láthair agus d'éilimh mhargadh an tsaothair amach anseo araon. Ina theannta sin, sainaithníodh tallann eachtrach a mhealladh agus feabhas a chur ar aitheantas cáilíochtaí gairmiúla mar luamháin chomhlántacha thábhachtacha chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair.

- **Sa bhreis ar shásraí meaitseála, is toisc chumasúcháin chriticiúil fós é feabhas a chur ar rochtain ar sheirbhísí atá in ann rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a fheabhsú**. Tá ról lárnach ag infhaighteacht seirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige ECEC agus cúraim fhadtéarmaigh (LTC) maidir le tacú le rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, go háirithe i measc na mban agus na ndaoine a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu. Rannchuidíonn ECEC ar ardchaighdeán freisin le torthaí fadtéarmacha feabhsaithe, go háirithe do leanaí faoi mhíbhuntáiste, trí thacú le gnóthachtáil oideachais agus le forbairt scileanna amach anseo. Ar bhonn níos leithne, leagtar béim sna hathbhreithnithe ar a thábhachtaí atá sé beartais ghníomhachtúcháin a chomhcheangal le seirbhísí tacaíochta leordhóthanacha, ós rud é go bhfuil bacainní praiticiúla fós roimh roinnt daoine aonair — bacainní a bhaineann leis an mbochtaineacht, le freagrachtaí cúraim nó le leochaileachtaí eile — a chuireann teorainn lena gcumas páirt iomlán a ghlacadh i margadh an tsaothair.

- **Ag an am céanna, tá beartais oideachais, oiliúna agus uas-scilithe fós lárnach chun aghaidh a thabhairt ar neamhréireanna agus chun tacú le haistrithe.** Braitheann a n-éifeachtacht ní hamháin ar infhaighteacht, ach freisin ar ábharthacht agus ar inrochtaineacht ar feadh an tsaoil. Leagadh béim ar bhearta chun soghluaisteacht ghairmiúil agus oiliúint leanúnach a chur chun cinn, lena n-áirítear tionscnaimh lena ndírítear ar FBManna agus iarrachtaí chun tacú le hoiriúnú don lucht saothair i gcomhthéacs an athraithe teicneolaíochta, lena n-áirítear úsáid mhéadaitheach na hintleachta saorga. Sa chomhthéacs sin, tá ról tábhachtach ag seirbhísí poiblí fostaíochta agus ag comhpháirtithe sóisialta maidir le riachtanais atá ag teacht chun cinn a shainaithint, rochtain ar oiliúint a éascú, agus tacú le haistrithe, go háirithe do dhaoine atá i staideanna leochaileacha.

- **Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, ní mór tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh chun dul i ngleic le deighilt mhargadh an tsaothair agus chun a áirithiú go dtacóidh cánachas saothair le torthaí cuimsitheacha fostaíochta**. Cuireann deighilt leanúnach le tearcionadaíocht grúpaí áirithe trí bhacainní ar iontráil agus éagothromaíochtaí i gcáilíocht poist araon a threisiú. Is deacair do chreataí beartais cothromaíocht a bhaint amach idir solúbthacht d’fhostóirí agus d’oibrithe gan rannchuidiú le déachú mhargadh an tsaothair, rud a léiríonn an gá atá le dálaí oibre a fheabhsú agus rioscaí do cháilíocht poist a laghdú i ngach cineál fostaíochta, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar shocruithe oibre atá ró-fhorbhásach nó ró-ilroinnte. Idirghníomhaíonn cánachas saothair go dlúth leis an dinimic sin agus tá ról tábhachtach aige maidir le dreasachtaí chun oibre agus chun daoine a fhostú a mhúnlú. Deimhníodh sna hathbhreithnithe a thábhachtaí atá sé córais chánach a dhearadh lena dtacaítear le rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus lena seachnaítear sáinneacha dífhostaíochta agus neamhghníomhaíochta a chruthú, go háirithe do mhná agus do dhaoine óga, agus gan deighilt idir cineálacha éagsúla fostaíochta a threisiú ag an am céanna. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach i gcónaí comhleanúnachas a áirithiú idir cánachas saothair agus cuspóirí níos leithne mhargadh an tsaothair, lena n-áirítear trí mheasúnú cúramach a dhéanamh ar thionchair dháileacháin, chun tacú le margaí saothair níos cuimsithí agus níos dea-fheidhmiúla.

- **Baineann saincheist thrasearnálach a thagann chun cinn arís agus arís eile leis an ngá atá le faireachán leanúnach chun measúnú a dhéanamh ar thionchar dhearadh agus chur chun feidhme an bheartais**. Tá athchóirithe cuimsitheacha seolta ag roinnt Ballstát, lena n-áirítear athruithe mórscála ar shochair dhífhostaíochta nó ar struchtúir seirbhíse poiblí fostaíochta. Mar sin féin, beidh gá le faireachán leanúnach ar na hathchóirithe sin chun measúnú a dhéanamh ar a n-éifeachtacht, go háirithe i gcás grúpaí faoi ghannionadaíocht. Ar bhonn níos ginearálta, in éagmais uirlisí láidre faireacháin agus measúnuithe tionchair córasacha — *ex ante* agus *ex post* araon — cuirtear teorainn leis an gcumas meastóireacht a dhéanamh ar an méid a oibríonn, bearta éifeachtacha a mhéadú agus beartais a choigeartú i gcás inar gá. Tá sé sin fós ina phríomhshrian ar éifeachtacht beartais a fheabhsú.

- **Ar deireadh, braitheann éifeachtacht na n-athchóirithe ar fud na réimsí sin freisin ar cháilíocht an idirphlé shóisialta agus ar rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara**. Tá ról lárnach ag idirphlé sóisialta dea-fheidhmiúil agus ag cómhargáil maidir le tacú le rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, torthaí meaitseála a fheabhsú agus aghaidh a thabhairt ar dheighilt, trína áirithiú go bhfuil beartais bunaithe ar riachtanais oibrithe agus fostóirí. Cé go n-aithníonn na Ballstáit uile a dtábhacht, tá éagsúlacht shuntasach idir struchtúr, cumhdach agus éifeachtacht na socruithe idirphlé shóisialta ar fud na dtíortha. I roinnt cásanna, léiríonn laghdú ar chumhdach cómhargála agus ar dhlús an Aontais go bhfuil dúshraitheanna ag lagú, agus go bhfuil ionadaíocht fostóirí fós réasúnta cobhsaí. I gcomhthéacsanna áirithe, tá rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta teoranta i gcónaí agus tá an baol ann go mbeidh comhairliúcháin rófhoirmiúil, rud a laghdóidh a dtionchar ar cheapadh agus ar chur chun feidhme beartais. Léiríonn sé sin go bhfuil rannpháirtíocht fhóinteach thráthúil na gcomhpháirtithe sóisialta agus na sochaí sibhialta ríthábhachtach, ní hamháin le haghaidh comhlíontachta, ach freisin chun cáilíocht, dlisteanacht agus éifeachtacht na n-athchóirithe a fheabhsú. Is féidir le hiarrachtaí fothaithe acmhainneachta, lena n-áirítear trí thacaíocht CSE+, cuidiú leis na próisis sin a neartú, ach tá a n-inbhuanaitheacht fhadtéarmach fós ina príomhthoisc.

### 3.3. Torthaí cothrománacha ón gCoiste um Chosaint Shóisialta

Le linn thimthriall Sheimeastar 2026, rinne an Coiste 11 athbhreithniú ar CSRanna i réimsí beartais faoina inniúlacht, arna eisiúint ag an gComhairle in 2025. Sna moltaí tírshonracha, tugadh aghaidh ar dhúshláin shonracha i réimsí na bpinsean, an chúraim sláinte, an chúraim fhadtéarmaigh agus na cosanta sóisialta agus an chuimsithe shóisialta, lena n-áirítear inacmhainneacht tithíochta agus bochtaineacht fuinnimh. Ina theannta sin, bunaithe ar an gCreat um Chóineasú Sóisialta mar a leagtar amach sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026, rinneadh athbhreithniú ar na 9 dtír a thagann faoin anailís dara céim in athbhreithnithe comhpháirteacha an Chiste Aeráide Shóisialta ar an gCoiste Fostaíochta agus ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta, lena gcumhdaítear freisin moltaí tírshonracha 2025, lena n-áirítear na moltaí sin a bhaineann le hinacmhainneacht tithíochta agus dúshláin bochtaineachta fuinnimh. Bunaíodh na hathbhreithnithe tírshonracha uile ar thuairisciú na mBallstát ar na bearta is déanaí a rinneadh, agus ina dhiaidh sin rinne na Ballstáit eile agus an Coimisiún measúnuithe ar na bearta sin.

**Comhlánaíodh na hathbhreithnithe tírshonracha an 18 agus an 19 Márta agus an 21 agus an 22 Aibreán le gnéithe cothrománacha éagsúla den chleachtadh faireachais iltaobhaigh, rud a bhain tairbhe as an bplé téamach comhfhreagrach a eagraíodh i gcruinnithe an Choiste um Chosaint Shóisialta**. Sa chomhthéacs sin, bhí plé téamach domhain ag an gCoiste um Chosaint Shóisialta ag an gcruinniú a bhí aige i mí an Mhárta maidir le 'Cosaint shóisialta a oiriúnú d'athruithe déimeagrafacha agus d'athruithe sa mhargadh saothair', i ndáil le beartais phinsin, sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh. Ag an gcruinniú a bhí ag an gcoiste i mí Aibreáin, eagraíodh plé cothrománach le haghaidh 'Aghaidh a thabhairt ar an Eisiamh Tithíochta:rochtain ar thithíocht inacmhainne, leordhóthanach agus shlán'. Braitheann na conclúidí cothrománacha ar thorthaí cheardlanna comhthreomhara na n-athbhreithnithe tíre agus ar chonclúidí téamacha na bpléití dá dtagraítear.

- **I réimse na cosanta sóisialta, tá ábhair imní maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach go mór chun tosaigh ar an gclár oibre le blianta fada anuas, mar aon le saincheisteanna leordhóthanachta i roinnt mhaith tíortha san Aontas.** Chuir aosú déimeagrafach tapa agus saol oibre atá ag athrú brú breise ar leordhóthanacht na cosanta sóisialta agus ar a maoiniú. Rinneadh iniúchadh sa phlé téamach ar na straitéisí is féidir a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go rannchuideoidh an chosaint shóisialta go héifeachtach le sochaithe athléimneacha, agus ar mhaoiniú na cosanta sin atá oiriúnach do riachtanais atá ag teacht chun cinn agus do shrianta acmhainní sna blianta amach romhainn.

- **Tá an t-idirghníomhú idir seirbhísí sóisialta agus sochair airgid fós ina ghné thábhachtach.** Tá comhordú agus comhtháthú éifeachtach i measc na gcóras cúraim sláinte, cúraim fhadtéarmaigh agus pinsean ríthábhachtach chun inbhuanaitheacht, cothroime agus cothromas na cosanta sóisialta a fheabhsú i sochaí atá ag dul in aois. Léirítear leis an gcur chuige comhtháite sin go háirithe sna hathchóirithe a rinneadh le déanaí, ag lorg sineirgí idir soláthar sochair agus soláthar seirbhíse comhtháite chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais aonair agus chun díriú ar ghníomhachtú.

- **Gné thábhachtach eile d'athchóirithe cosanta sóisialta is ea infheistíocht a dhéanamh sa chosc chun dea-shláinte agus cineálacha cur chuige ar feadh an tsaoil a chur chun cinn arb é is aidhm dóibh infheistíocht a dhéanamh i ndaoine ar feadh an tsaoil.** Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le haosú, is bearta bunúsacha iad bearta chun aosú sláintiúil gníomhach agus saol oibre níos faide a chur chun cinn, in éineacht le hathchóirithe pinsin arb é is aidhm dóibh na dreasachtaí chun scor a chur siar a mhéadú, dreasachtaí le haghaidh luathscoir a theorannú, agus pinsin fhorlíontacha a fhorbairt. Tá sé ríthábhachtach maoiniú pinsin agus maoiniú cúraim fhadtéarmaigh a éagsúlú agus deiseanna fostaíochta a dhreasú go dtí go rachaidh siad ar scor agus ina dhiaidh sin. Tá sineirgí idir córais cúraim sláinte agus córais cúraim fhadtéarmaigh fíor-riachtanach chun éifeachtúlacht costais a fheabhsú agus chun an t-éileamh méadaithe a chomhlíonadh mar gheall ar an méadú — ar an dea-uair — ar ionchas saoil.

- **Ina theannta sin, chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le rochtain ar shochair agus ar sheirbhísí, ba cheart córais cosanta sóisialta a chur in oiriúint do réaltachtaí nua mhargadh an tsaothair i gcomhréir leis an moladh maidir le rochtain ar chosaint shóisialta.** Ní mór idirnaisc ar fud na mbeartas eacnamaíoch, fioscach, fostaíochta agus na gcóras cosanta sóisialta a chur san áireamh agus athchóirithe á n-ullmhú, chomh maith le ról an digitithe chun éifeachtúlacht a fheabhsú, agus ba cheart dul i ngleic go leordhóthanach le rioscaí a bhaineann leis an deighilt dhigiteach. Thug na Ballstáit aghaidh ar na dúshláin atá rompu trí fhreagairt ar a moltaí tírshonracha le bearta ábhartha agus d'éirigh leo roinnt dul chun cinn a dhéanamh. Rinneadh bearta tábhachtacha, agus béim á leagan ar chomhthéacs láidir beartais agus ar fhreagrachtaí il-leibhéil.

- **Cuireadh i dtábhacht sna hathbhreithnithe go bhfuil bearta cúraim sláinte chun feabhas a chur ar chúram sláinte príomhúil agus ar chosc, chomh maith le lucht saothair sláinte inbhuanaithe a áirithiú ábhartha chun torthaí sláinte níos fearr a bhaint amach agus chun rochtain agus athléimneacht a fheabhsú.** Is cosúil gur príomhthosca iad an cosc agus úsáid níos leithne a bhaint as réitigh ríomhshláinte chun inbhuanaitheacht airgeadais a áirithiú. Is é is aidhm do na hathchóirithe aistriú paraidíme ó chúram sláinte frithghníomhach go cúram sláinte réamhghníomhach, agus breithnítear freisin iarrachtaí chun rialacha maidir le sochar breoiteachta a dhéanamh níos doichte. Tá infheistíochtaí éagsúla beartaithe i mbonneagar sláinte tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus trí chistiú eile ón Aontas, agus d'fhéadfaí breithniú a dhéanamh fós ar iarrachtaí breise chun athléimneacht an chórais sláinte a neartú, go háirithe maidir le lucht saothair sláinte.

- **Tá feabhas á chur ar infhaighteacht agus inacmhainneacht seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh trí athchóirithe i dtreo cineálacha cur chuige atá níos duinelárnaí agus níos pobalbhunaithe, lena n-áirítear cúram baile agus cúram lae, an maoiniú a leathnú trí árachas éigeantach, chomh maith le bearta chun tarraingteacht post cúraim agus coinneáil san earnáil a fheabhsú.** Tá cláir scoláireachta á dtabhairt isteach ag na Ballstáit, tá iniúchadh á dhéanamh acu ar eagrú níos éifeachtúla oibre le foirne ildisciplíneacha agus sásraí pleanála níos fearr maidir le dáileadh an lucht saothair, feabhas á chur ar aitheantas do cháilíochtaí gairmiúla, lena n-áirítear tacú le lánpháirtiú níos tapúla náisiúnach tríú tír agus lucht saothair soghluaiste, chomh maith le bearta i réimse na bpost ardcháilíochta, lena n-áirítear cothromaíocht oibre is saoil. Tugadh isteach bearta chun tacú le cúramóirí neamhfhoirmiúla, bearta amhail saoire chúraim, ardú feasachta maidir le cearta, agus deontais tacaíochta do chúramóirí. Mar sin féin, tá dúshláin fós ann maidir leis an ngá atá le haghaidh a thabhairt ar na riachtanais atá ag dul i méid agus le dul i ngleic le héagothromaíochtaí réigiúnacha. Ar na príomhluamhán beartais is gá chun athléimneacht a neartú agus chun freagairt go héifeachtach do dhúshláin dhéimeagrafacha agus chúraim atá ag dul i méid, tá dea-chomhordú idir cúram sláinte agus cúram fadtéarmach, cineálacha cur chuige coisctheacha, éifeachtacht na gcóras cúraim sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh a fheabhsú agus a maoiniú inbhuanaithe a áirithiú.

- **D'fhonn dul i ngleic le hinbhuanaitheacht fhioscach na gcóras pinsean agus leordhóthanacht á cosaint ag an am céanna i gcomhthéacs an athraithe dhéimeagrafaigh, scrúdaíodh roghanna éagsúla, amhail an aois scoir iarbhír a ardú, fad a chur leis an saol oibre le bearta agus dreasachtaí mhargadh an tsaothair i gcóras na bpinsean, agus maoiniú a éagsúlú.** Is féidir éagsúlú a bhaint amach – i measc nithe eile – trí athchóirithe a mheastar a mhéadóidh na ranníocaíochtaí le pinsin chistithe chun leibhéal leordhóthanach sochar a choinneáil, trí phinsin cheirde a neartú agus trí roghanna infheistíochta níos leithne a chur ar fáil do sholáthraithe pinsin na hearnála príobháidí. Tá tábhacht i gcónaí leis an inbhuanaitheacht shóisialta agus, dá bhrí sin, an leordhóthanacht agus tá sé beartaithe ag na Ballstáit an cur chuige sin a choinneáil ar bun chun bochtaineacht seanaoise a sheachaint agus chun ioncam seanaoise leordhóthanach a áirithiú.

- **Maidir le cuimsiú sóisialta, tá méadú ag teacht ar na dúshláin a bhaineann le tithíocht, agus dá bhrí sin bailíodh faisnéis maidir le bearta náisiúnta nó athchóirithe a rinneadh le déanaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin eisiaimh tithíochta.** Rinneadh iniúchadh ar a mhéid a chuidíonn beartais tacaíochta ioncaim agus soláthar seirbhísí sóisialta, fostaíochta agus sláinte le heisiamh tithíochta a chosc agus le tacú le daoine atá gan dídean. Rinne na Ballstáit machnamh ar ghrúpaí daonra a ndéanann rochtain theoranta ar thithíocht inacmhainne nó eisiamh tithíochta agus gníomhaíochtaí sonracha difear díréireach dóibh, nó tá siad beartaithe, chun freagairt do riachtanais grúpaí daonra atá i staideanna leochaileacha.

- **Fuarthas sna hathbhreithnithe go raibh cosúlachtaí ann ar fud na mBallstát, i dtéarmaí grúpaí leochaileacha:luaigh go leor Ballstát daoine óga, daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte nó mí-úsáid substaintí acu, daoine a mbaineann cúlra imirceach leo, ach grúpaí ar leith freisin daoine aonair tar éis colscartha, cuir i gcás.**

  Roinnt saincheisteanna a tuairiscíodh maidir le deighilt chríochach, agus béim á leagan ar fheiniméin na gcíosanna gearrthéarmacha i gceantair thurasóireachta, rud a chuireann teorainn leis an stoc tithíochta do shaoránaigh. Thuairiscigh roinnt tíortha faoi straitéisí náisiúnta chun an easpa dídine a chomhrac, agus chuir go leor acu an cur chuige 'Tús Áite don Tithíocht' i bhfeidhm, agus luadh samplaí suimiúla de loighic dhifriúil freisin, ag díriú ar an bhfostaíocht ar dtús, arna gcomhlánú le tacaíocht tithíochta. Meastar gurb í saincheist na nganntanas soláthair an príomh-riaráiste chun tithíocht inacmhainne a sholáthar, rud a éilíonn riachtanais shuntasacha infheistíochta san earnáil, go háirithe deiseanna tithíochta sóisialta a mhéadú. Chun tógáil tithíochta sóisialta inacmhainne a chomhlánú i réigiúin ina bhfuil praghsanna arda maoine, cuireadh sochair thithíochta agus fóirdheontas cíosa sealadach i bhfeidhm nó breithníodh iad. Thuairiscigh daoine eile faoin soláthar a bhí ar fáil a ghníomhachtú agus faoi thacú le daoine tithe a aimsiú trí Chosaintí Tionóntachta níos Láidre, rud a chuir cobhsaíocht níos fearr ar fáil do thionóntaí.

- **Is dúshlán struchtúrach fós í an bhochtaineacht fuinnimh i roinnt mhaith tíortha san Aontas, sa gheimhreadh agus sa samhradh araon.** I measc na mbeart a tuairiscíodh tá meascán de chreataí beartais agus deontais spriocdhírithe. Tá athchóiriú ar mhaithe le héifeachtúlacht fuinnimh níos fearr ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna struchtúracha na bochtaineachta fuinnimh tríd an éileamh ar fhuinneamh a laghdú go buan agus, dá bhrí sin, trí chaiteachas fuinnimh a laghdú go buan. Mar sin féin, d'fhéadfadh infheistíochtaí príobháideacha comhfhreagracha a bheith an-dúshlánach dóibh siúd atá ag maireachtáil i mbochtaineacht. Réitigh atá le fáil lasmuigh de scéimeanna príomhshrutha ginearálta, lena ndíreofar ar theaghlaigh leochaileacha ar bhealach níos fearr le bearta tacaíochta, lena n-áirítear dea-chomhordú leis an earnáil shóisialta, comhairleoireacht a chur ar fáil chun litearthacht fuinnimh a fheabhsú agus tacaíocht airgeadais a fheabhsú.

- **Agus bochtaineacht leanaí á cur san áireamh is ann fós do dhúshláin faoin gcuimsiú sóisialta. Tá gá le cur chuige leathan iomlánaíoch agus é mar aidhm leis bochtaineacht leanaí a chosc agus a laghdú agus bacainní ar fhostaíocht na dtuismitheoirí a bhaint freisin.** Príomhghné is ea oideachas agus cúram luath-óige ar ardchaighdeán a sholáthar agus tacaíocht speisialta á tabhairt do leanaí ó chúlra socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste. Bearta leanúnacha arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar na torthaí oideachais ísle atá ag dul in olcas, go háirithe do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, chomh maith le comhdheiseanna a chur chun cinn do gach leanbh agus míbhuntáistí mar gheall ar an gcúlra socheacnamaíoch a mhaolú, lena n-áirítear dúshláin teanga. Éilíonn na hathchóirithe níos mó infheistíochta i gcáilíocht chomh maith le líon foriomlán na n-áiteanna oideachais agus cúraim luath-óige, arna gcomhlánú le teidlíocht dhlíthiúil ar chúram agus oideachas lae do leanaí bunscoile. Ar an iomlán, tá sé ríthábhachtach go ndéanfar faireachán cúramach ar an gcur chun feidhme chun tacú le tuilleadh forbairtí beartais, lena n-áirítear teacht ar réitigh le haghaidh maoiniú inbhuanaithe.

Rinneadh measúnú in go leor de na hathbhreithnithe ar chur chun feidhme na moltaí tírshonracha, a tugadh anonn i dtimthriallta an tSeimeastair Eorpaigh roimhe seo, rud a léiríonn cineál fadtéarmach agus struchtúrach na ndúshlán a tugadh faoi deara. Léiríodh sa phlé go n-aithníonn na Ballstáit a ndearnadh athbhreithniú orthu na dúshláin a sainaithníodh agus go bhfuil gníomhaíochtaí sonracha á ndéanamh acu chun na saincheisteanna a fhiosrú agus chun freagairtí iomchuí beartais a ullmhú. Ba dhíol sásaimh don Choiste um Chosaint Shóisialta na bearta a tuairiscíodh agus tá dearcadh dearfach aige ar na hiarrachtaí a rinne na Ballstáit. Ag an am céanna, léirigh an plé sa Choiste go mbeidh gá le tuilleadh gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt go hiomlán ar riachtanais na moltaí tírshonracha, toisc go bhfuil na bearta a tuairiscíodh fós le cur chun feidhme i roinnt mhaith cásanna, agus i gcásanna eile tá an próiseas reachtach ag céim luath.

**Iarscríbhinní:**

1. Conclúidí tírshonracha ó Athbhreithnithe 2026 EMCO-SPC ar Chóineasú Sóisialta.
2. Conclúidí tírshonracha ó athbhreithnithe faireachais iltaobhaigh 2026 EMCO.
3. Conclúidí tírshonracha ó athbhreithnithe iltaobhacha cur chun feidhme 2026 SPC.